

A4

Séadchomharthaí faoi Chúram an Stáit



Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Tuama Pasáiste & 2 Chloch Mhaisithe	Ardmulchan	
Lios	Ardmulchan	Móta le hardán ubhchruthach le díog agus bruach mórthimpeall air; tá áit cheannasach aige ag féachaint amach thar Abhainn na Bóinne. Feidhmíonn a shuíomh reatha mar thacaíocht i gcuid don phíolón tarchuir leictreachais ardvoltais.
Eaglais Cannistown nó Eaglais Ard Salach	Ard Salach	Bhunaigh N. Finian an chéad eaglais ar an suíomh ach is ón 12ú nó an 13ú hAois luath a thagann an eaglais atá ar an suíomh faoi láthair, agus rinneadheaglais an pharóiste de agus é timanta do Naomh Bríd. Bhain sé le Hugh de Lacy nuair a tógadh ar dtús é, ansin bhain sé le teaghlaigh Nangle, Preston, Ludlow, Diúc Bedford agus le hIarla Russell i ndiaidh achéile. Is ón 13ú an saingeal ann, agus tá áirse álainn saingil ann le colúin duilliúir, agus os a gcionn, trí mhadra ag léimt ar shionnach, agus ar dheis, trí dhuine leis an duine sa lár agus ag breith ar mhaide ina lámh. Sa bhalla os cionn na háirse, agus ag luí ar an talamh ina aice, tá dealbha cloiche ar a bhfuil maisc anchúinseacha agus lion ar cholgsheasamh. Sa 15ú hAois seans gur athraíodh corp na heaglaise, agus cuireadh isteach fuinneoga atá déanta as aolchloch, contrártha leis na cinn a bhí ann roimh sin a bhí déanta as gaineamhchloch.
Caisleán	Athcarne	
Caisleán	Átha Luimnigh	Tógadh an caisleán in dhá ré. Tógadh an túr ag an taobh ó dheas sa 15ú hAois, agus tá ceithre stór aige. Ar an gcéad urlár tá seomra rúnda sa bhalla, agus is féidir teacht air trí staighre beag. In aice leis an túr tá fothrach seomra boghta, agus is dóchagur cuireadh é seo leis an bhfoirgneamh níos déanaí. Is é atá sa chuid eile den Chaisleán ná fothrach de theach mór Túdarach a tógadh tuairim 1600 in aice leis an túr níos sine. Tá díon beannach aige, agus tá roinnt dá fhuinneoga muilleannacha fós ann. Tá roinnt tinteán ann ar féidir iad a fheiceáil fós laistigh de na ballaí. Chomh maith leis sin, tá fuinneog iontach oiriail ann a bhreathnaíonn amach thar an mbóthar. Nuair a bhí Cromail ag ionsaí Dhroichead Átha sa bhliain 1649, bhain an caisleán le teaghlach Mag Uidhir a chuir é trí thine seachas ligean do Chromail é a ghabháil.
Crosaire ar thaobh bealaigh	Baile an Rátha	Crosaire ar thaobh bealaigh ón 16ú hAois dhéanach leis an inscríbhinn seo a leanas air ORATE-P-AIA JOHANIS BROIN (Pray for the Soul of John Broin). Ar an éadan thoir tá íomhá den Pieta, ar an éadan thiar tá an Céasadh agus maisiú Gotach; ar an éadan thuaidh tá dearthaí geoiméadracha de bhéair agus ceann, agus tá ceann eile ar an ngéag theas. Is é is dóichí gur atógadh an chros sa bhliain 1727, mar a thugann an inscríbhinn seo a leanas le fios a cuireadh leis níos déanaí 'Sir Andrew Aylmer of Mountaylmer Bart and his Lady Catherine Aylmer had this cross beautified A. D. 1727.

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Mainistir (Cis.)	Bheigtí	Bhunaigh Murchad O Maeil-Sheachlainn, Rí na Mí, an mhainistir seo do na Cistéirsigh sa bhliain 1150, agus thiomnaigh í don Mhaighdean Mhuire. Bhí sé ar cheann de na chéad mhainistreacha Cistéirseacha in Éirinn. Bhí an t-ab i bParlamaint na Páile. Cuireadh corp Hugh de Lacy ann sa bhliain 1195, ach i ndiaidh díospóide aistríodh an corp chuig Eaglais N Tomás i mBaile Átha Cliath. Ón mhainistir a bhí ann ar dtús sa 12ú hAois níl ach fothrach den stuaire i gcorp na heaglaise fágtha, maille le chuid den chroslann theas, an teach caibidle, cuid den chliathán thiar de na foirgnimh inar chónaigh daoine agus roinnt doras sa chliathán theas. Sa 15ú hAois, bhí na foirgnimh daingnithe agus tharla athuirthe móra. Dúnadh suas an stuaire theas, agus tógadh an clabhstra atá ann faoi láthair maille le roinnt mhaith de na foirgnimh (seachas an teach caibidle). Is é an clabhstra an ghné is fearr den mhainithe: tá bachall ina lámhag ceann de na figiúir atá ar na colúin. Cuireadh an túr, agus an halla mór ar an taobh theas (is dócha áit a raibh proinnteach na manachleis sa tréimhse seo chomh maith. Rinneadh athuirthe eile ag staid níos déanaí sa chroslann theas; cuireadh isteach an t-oigheann idir an chroslann theas agus an teach caibidle, agus cuireadh bealach isteach leis an guid theas. Cuireadh an mhainistir faoi chois sa bhliain 1536. An bhliain dár gcionn, tugadh an mhainistir agus a tailte ar cíos do Thomas Agarde, agus cheannaigh Andrew Wyseiad ina dhiaidh sin sa bhliain 1552. Ina dhiaidh sin bhain sí le teaghlach Dillon agus Bolton.
Tobar Cholm Cille	Calliaghstown	
Cros Barronstown	Carrickdexter	
Créfort Chnoc na Teamhrach.	Séipéal Castleboy / Bhaile an Chaisleáin Theamhrach	
Crosa	Chaisleán Chiaráin	Tugtar Díseart Chiaráin ar an áit, manach mhainistir Cheanannais, ach níorbh é seo an manach a chuir Cluain Mhic Nóis ar bun. Rinne na Lochlannaigh an mhainistir a chreachadh sa bhliain 949, agus rinne Diarmuid Mac Murchadha é a chreachadh sa bhliain 1170. Sa 13ú hAois bhain sé ansin le Ridirí de Spidéilíirí agus faoin 16ú hAois bhain sé le teaghlach Phluincéid. Tá trí Ardchros ann le múnlaíl ar na himill ach níl dealbha le figiúirí ar aon cheann. Tá bocóidí ar cheann acu i lár na ngéag agus tá dualch ag deireadh de cheann de na géaga. In aice leis an bhfothrach eaglaise nach mór is fiú é tá leac uaighe ón Ré Críostaíochta Luath le Cloch Oghaim leis an inscríbhinn seo a leanas COVAGNI MAQI MUCOI LUGUNI. Ar an Abhainn Dhubh in aice na mainistreach tá Ardchros eile; de réir an traidisiúin deirtear gur chaith Naomh Columba san abhainn í nuair a rug Naomh Chiarán air á breith leis chuig an mhainistir i gCeanannas.

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Eaglais Phríóireacht Dhamhliag	Coimíní	Seans gur chuir na hAgaistínigh aithne ar Dhamhliag faoin mbliain 1150, ach chuir Hugh de Lacy teach Agaistíneach ar bun sa bhliain 1182. Tá na príóireacht atá ann faoi láthair mar chuid den mhainistir. Seans gurb ón 13ú haois codanna de stuara na heaglaise agus gurb ón 14ú haois an balla theas agus an pasáiste theas, ach is cinnte gurb ón 15ú haois an túr. Sa phasáiste thuaidh tá tuama an Dr. Cusack, a bhí ina Easpag Caitliceach ar an Mhí ó 1679 go 1688. I lár chorp na heaglaise tátuaama altóra na dteaghlach Preston agus Pluincéad, agus íomhánna de Naoimh Caitriona, Pádraig agus Peadar ag an taobh thiar, an Céasadh, aingil agus N Mícheál ag an taobh thoir, uirlisí na Páise agus armas na dteaghlach Bellew, Preston agus Pluincéad ar an taobh theas. Sa túr tá míreanna Rómhánúla á gcaomhnú. Bhíodh cloigtheach díreadh ó thuaidh ón túr, agus tógadh an túr cearnógach mórtimpeall air, agus níl fágtha den Chloigtheach ach imprisean i mball an túir chearnógaigh. Ó thuaidh ón áit ina bhfuil an eaglais nua-aimseartha tá Ardchros gróigthe, is dócha ón 10ú haois. Ar an éadan thiar tá an Céasadh agus figiúir nach féidir a dhéanamh amach. Tá an chros maisithe le bocóidí, Tag crosfhí le siombailí bheirt Shoiscéalaithe - an t-íolar agus an damh.
Grúpa Shliabh na Caillí - Cairn N, P,Q,R1,R2,S,T,U,V & W.	Eaglais	
Bhaile an Choraigh, Cros	Cruicetown	Ealgais pharóiste mheánoiseach, ina bhfuil meánlann agus saingéal, a tógadh timpeall na bliana 1200. Sa mheánlann tá tuama dé-shamhail den teaghlach Cruice, snoitetimpeall na bliana 1688. I gcúinne thiar thuaidh na heaglaise tá umar baiste sean ach gan mhaisiú. Sa taobh theas den eaglais tá cros, dar dáta tuairim 1688 chomh maith, leis an Mhaighean agus íosa ar an éadan thoir, agus ar an éadan thiar íomhá bunúsach ach spreagthach den Chéasadh.
Lios	Danestown	Lios tuairim is 150 troigh ar thrastomhas agus ina bhfuil ardán lárnach ardaithe le díog agus bruach comhlárnacha ina timpeall.
Eaglais, Cloigheach	Domhnach Mór	Deirtear gur bhunaigh Naomh Pádraigh an chéad mhainistir anseo. Tá Cloigtheach dea-chaomhnaithe ann, gan aon fhuinneoga bairr. Meastar gur mhair siad seo, ach nár cuireadh iad san áireamh sna hoibreacha athchóiriúcháin nuair a cuireadh barr cónúil nua air 150 bliain ó shin. Is túr neamhchoitianta é sa mhéid go bhfuil Céasadh os cionn an dorais chuartha, agus go bhfuil cinn in aice na háirse. An eaglais atá in aice láimhe agus tá ceann ag sineadh uaithi comhshnaidhmthe le balla theas chloigtheach na heaglaise. Sa reilig tá leaca reilige ón Luath-Chríostaíocht.
Caisleán	Dhún Uabhair	Sa bhliain 1429 gheall Anraí VI go dtabharfadh sé 10 bpunt d'aon duine dá ghéillsinigh a thóg caisleán 20 troigh ar fhad, 16 troich ar leithead agus 40 troigh ar airde roimh an mbliain 1439 i gContaetha Bhaile Átha Cliath, na Mí, Chill Dara agus Lú. Sa mhéid go bhfuil na tomhais sin ag an gcaisleán seo, tríd is tríd, is dócha go raibh sé ar cheann de na caisleáin '10 bpunt' Tá trí stór ann, ina measc urlár na talún le le díon boghtach. Tá cúinní cuaracha ag an gcaisleán, agus túr a ghobann amach ag an gcúinne thiar theas áit a mbíodh staighre bíse.

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Tumuli, Gallán, Cloch Ghreanta	Dubhadh	
Dubhadh Tumulus	Dubhadh	
Tuama Pasáiste	Dubhadh	Maille le Cnóbha agus Brú na Bóinne, tá an carn seo ar chuid den reilig mhór le rá ina bhfuil tuamaí pasáiste in aice le stráicí íochtaracha na Bóinne. Tá an carn 280 troigh ar thrastomhas agus 50 troigh ar airde. Is féidir roinnt de na clocha atá mórthimpeall bhun an chairn a fheiceáil fós, roinnt acu le maisiúchánlorthu. Tá dhá thuama réamhstairiúla ar thaobh thiar an chairn, dar dáta tuairim is 2500 - 2000 R. Ch. Is féidir teacht ar chean acu seo ach dreapadh suas dréimire i gcliabh iarainn; tá pasáiste fada aige, agus báisín deasghnáthach sa lár, agus tá seoda an tuama ag cúl an tseomra adhlactha agus ag an dá thaobh. Tá seomra adhlactha sa bhreis curtha leis ag taobh na láimhe deise de chuas an tuama. Ag bealach isteach an phasáiste tá spás faoi thalamh Luath-Chríostaíochta a osclaíonn amach ag an gcliabh iarainn sa taobh thoir thuaidh. Níos sia ó dheas tá ón gcéad Tuama Pasáise tá an dara ceann. Is féidir teacht air seo trí phasáiste gairid a théann mórthimpeall an tseomra adhlactha (le díon nua-aimsartha) agus le cuas ar thaobh na láimhe deise. Ní mholtar ach do dhaoine atá i riocht maith fisiceach cuairt a thabhairt ar an gcéad tuama, mar go bhfuil gá le roinnt mhaith lámhacháin agus dreaptha thar na clocha atá ann.
Eaglais Naomh Cianán	Damhliag	
Cros Dowdall	Damhliag	Cros ar thaobh bealaigh a thóg Dame Jennet Dowdall sa bhliain 1601 agus a deisíodh in 1810. Seans gur cuireadh an dá phársa ar barr leis níos déanaí. Ar an gcros, tá roinnt figiúirí lena n-áirítear aigeal le harmas, Naomh Peadar Naomh Pádraig, Naomh Cianán ar an aghaidh thoir, agus Naomh Seoirse agus an Dragan, agus aingeal, Mary Magdalen, Naomh Séamas agus Naomh Tomás ar an aghaidh thuaidh; Naomh Seoirse, Naomh Aindrias, Naomh Caitríona agus Naomh Stiofán ar an aghaidh theas, agus an t-aingeal agus armas Bathe agus inscríbhinn ar an aghaidh thiar. Seo a leanas an inscríbhinn atá ar an gcros: This cross was build by lennet Dowdall wife to William Bathe of Athcarn Justice of her Majesties Court of Common Pleas for him and her ano 1601. He deceased the 15 of Oct 1599 buried in the church of Duleek. Whose soules I pray god take to his mercie.
Caisleán	Dunmoe	Dhá thaobh an tí le ceithre stór le tuiríní cruinn móra ag na ceithre cuinní. Bhí díon boghtach ag an dá stór is ísle. Cé gur tógadh iad é stíl na gcaisleán ón 13ú hAois, ní dócha gur tógadh é go dtí an 15ú haois. Deirtear gur scaoil Cromail piléir leis ón taobh eile en Bhóinn ar a bhealach chuig Droichead Átha agus Áth Buí sa bhliain 1649.

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Eaglais & Cros Naomh Nioclás	Dún Samhnaí	Ba é Nicholas Plunke a thóg an eaglais Céad Bharún Dhún Samhnaí, i lár na 15ú haoise ar shuíomh ina mbíodh eaglais roimhe sin. Tá meánlann ann agus saingeal beagán níos cúinge. Tá túir ag gach cúinne, agus sa chliathán thiar thuaidh rinneadh sacraiste de ina dhiaidh sin. I gcuas sa bhalla thuaidh tá tuama dé-shamhail álainn, b'fhéidir ina íomhá de Chríostóir, Tiarna Dhún Samhnaí, agus a bhean chéile Anna Fitzgerald. Ba iad sin a chúis le gur sníodh an t-umar álainn 15ú haoise ean eaglais. Tá sé ar cheann de na humair is breátha in Éirinn, agus tá íomhánna air ón gCéasadh agus an Dá Aspal Déag. Tá an fhuinneog i dtaobh thoir na heaglaise ina chuid de chros ón 15ú haois le híomhánna de na hAspail uirthi.
Fardoras, Cuid d'Eaglais Mheánaoiseach	Dún Seachlainn	Fothrach nach mór is fiú é de phasáiste ó eaglais mheánaoiseach chomh maith le míreanna ailtireachta eile ón 15ú agus an 16ú haois. An phríomhdíol spéise san áit ná leac atá suite in aice leis an bhfothrach seo le híomhá den Chéasadh air. Ar dheis ó Chríost tá fear le sleá ina lámh, agus ar chlé tá fear ann agus fíneagar á thairiscint aige dó i gcaillís ag bun cuaille. Is dócha go mbíodh sé seo mar fhardoras na heaglaise atá anois imithe. Meastar gur fardoras é ón 10ú nó an 11ú haois.
Tuama Pasáiste	Fourknocks	Seo sampla an-mhaith de Thuama Pasáiste, agus é éagsúil ó shamplaí eile in Éirinn sa mhéid go bhfuil seomra thar a bheith mór ann a thógann formhór an spáis sa tuama. Is féidir teacht ar an seomra trí phasáiste, agus tá trí thaobhchuas ann. Fuarthas clocha le healaín Tuama Phasáiste le fiarlán sr. sa phasáiste agus ar na clocha os cionn na gcuas sa tuama scoite amach ón bpríomhsheomra. Tá an dá chloch mhaisithe eile ag seasamh ar an urlár, le haghaidh an-suimiúil ar cheann acu, ar chlé in aice an phasáiste, le cúpla líne shimplí - an léiriú is soiléir den aghaidh dhaonna in ealaín réamhstairiúil na hÉireann. Aimsíodh breis is 60 duine a adhlacadh sa phasáiste, ach ní bhfuarthas aon duine sa seomra lárnach. Fuarthas adhlacthaí níos déanaí sa mhullóg féin. Tá an seomra lárnach anois clúdaithe le cruinneachán coincréite atá deartha go cliste le sloic chun dóthain solais a scaoileadh isteach rud a chruthaíonn atmasféar mistéireach laistigh. Is dócha gurb as adhmad a bhí an díon déanta, iompartha ar chuaille lárnach. Tógadh an reilig tuairim na bliana 1800 R. Ch 150 troigh soir ón Tuama Pasáiste i mullóg eile, áit ar créamadh na daoine marbha. Aimsíodh tuama eile, dar dáta tuairim is 1500 R. Ch. in aice láimhe.
Tuama	Gaulstown	
Créfort ShliabhBreagh	Hoardstown	
Eaglais & Cros	An Cilín	Eaglais fhada ón 15ú haois ina bhfuil meánlann agus saingeal beagán níos cúinge le bealach isteach ar an taobh ó thuaidh. Tá túir ag gach cúinne, ina bhfuil an sacraiste agus áit chodlata ar an gcéad urlár. Tá díol suntais ag baint leis an eaglais toisc líon na bhfuinneog féitheach, agus tá tréshedíllia maith i mballa theas na heaglaise. Chomh maith leis sin, tá líon mór cloch uaigneo theaghlach Phluincéid san eaglais, lena n-áirítear tuamaí iontacha le déshamhail ón 15ú haois dhéanach. Sataobh thuaidh den eaglais tá míreanna ó chros ón 15ú haois le sé aspal ar an mbun a ndearnadh atógáil uirthi. Tá an eaglais an-chosúil leis an gceann i nDún Samhnaí.

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Tuama Pasáiste / Tumulus	Cnóbha	Sa tuama mór seo atá tuairim is 40 troigh ar airde agus 220 troigh ar thrastomhas aimsíodh dhá Thuama Pasáiste i 1967 agus 1968. Tá ceann de na seomraí ann coirbeálta, cosúil leis an gceann ag Brú na Bóinne, agus tá sé ciorcalach agus tá taobhsheomraí ann; tá díon cothrománach ar an gceann eile agus tá sé mar a bheadh leathnú amach ar phasáiste. Tá an dá thuamamaisithe go maith le healaín mheisiliteach, mar atá roinnt mhaith de na clocha colbha ag bun an tuama mhóir. Cuireadh isteach go mór ar bhealaí isteach na dtuamaí i ré na Luath-Chríostaíochta nuair a bhíodhas ag tógáil pasáistí faoi thalamh, agus tá an chuma air go mbriseann siad sin siteach sa mhullóg mar a bheadh poill choinín. Sa mhéid nach ndearnadh tochailt go fóill ar an Tuamaí Pasáiste, níl aon fhianaise taghta chun solais go fóill maidir le dátaí, ach is dócha gur tógadh an tuama mór seo idir 2500 agus 2000 R. Ch. Le linn tochailtí le 8 mbliana anuas fuarthas 15 thuama satailíte (cosúil le tuamaí pasáiste) agus gnéithe deasghnáthaíocha eile scaipthe amach mórthimpeall bhun na mullóige. Sa 9ú agus sa 10ú haois ba i gCnóbha a bhí ríthe Breagha Thuaidh suite, agus bhain na Normannaigh úsáid as an mullóg mar mhóta ag deireadh na 12ú haoise.
Coimpléas áitribh	Dúnfort	
Chnóbha	Loch Breacán	
Díog fháinneach, Tumulus & Dún Cnoic	Mountfortescue	
Tumulus	Brú na Bóinne	

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Ardeaglais an Bhaile Nua Bhaile Átha Troim	An Baile Nua	Tuairim is míle le sruth ón gcaisleán tá fothrach mór an Bhaile Nua Bhaile Átha Troim, suite go ciúin ar bhruachana Bóinne. Bhog John Cardinal easpagóideach na Mí anseo ó Chluain Ioraird sa 12ú haois. Bhunaigh Simon de Rochfort, Easpag na Mí (1194-1224) príóireacht anseo sa bhliain 1206 do Chanónaigh an Phobail Agaistínigh St Victor Pháras chun fónamh ar an ardeaglais. Rinneadh iarracht sagairt thuata a chur in ionad na gcanón sa bhliain 1397, ach níor éirigh leis an iarracht seo. Bunaíodh an eaglais tuairim 1206, agus caithfidh go raibh sí ar cheann de na heaglaisí is mó in Éirinn. Ar dtús bhí meánlann, seansaíreacht agus dhá chrosann ann, le díon bogtach álainn easnach os cionn na seansaíreachta. Ach nuair a d'imigh an mheánlann agus na crosanna i léig na Meánaoiseanna, giorraíodh an mheánlann tuairim is 80 troigh, agus tógadh an balla thiar atá ann faoi láthair, ionas go bhféadfá an eaglais atá ann a dhéanamh níos faide ná an ceann atá ann faoi láthair. Tá roinnt mhaith fuinneog caol ghrásúil san eaglais, ach dúnadh suas na cinn sa bhalla thoir níos déanaí. Sa bhalla thuaidh tá sedilia cuartha. Ó dheas ón áit ina raibh an mheánlann bunaigh bhí na foirgnimh chónaithe. Tá an prainnteach, a choinníonn fós roinnt de na bunfhuinneoga (cé gur cuireadh ceann nua amháin leis ag an taobh thoir sa 15ú haois), ag seasamh ag an taobh ó dheas den cheathairuilleog, agus bhí íoslach ann ag tacú leis an urlár d'fhonn an leibhéal céanna a choinneáil is a bhí sna foirgnimh mórthimpeall. Tá iarsma de dhoras ón 13ú haois in aice le geata áit a raibh cliathán thoir an chlabhstra; ba é seo an doras isteach sa teach caibidle. Cuireadh cistin leis an gcliathán thoir sa 15ú agus sa 16ú haois. Ar an taobh thoir den choimpléasc seo tá eaglais pharóiste bheag ón 13ú haois, le doras thuaidh agus theas, inar cuireadh fuinneog ón 15ú haois. Tógadh iarsmaí 15ú hoise i mballa theas na heaglaise, agus taobh istich tá tuama le dé-shamail ón 16ú haois dhéanach inar cuireadh Sior Luke Dillon agus a bhean chéile. Is iarsmaí de Mhainistir agus d'Ospidéal Nomh Eoin Baiste ón 13ú agus 15ú haois atá sna foirgnimh ar an taobh thall den droiched ársa. Ón ngeata in aice an bhóthair ar an taobh eile den abhainn tá prainnteach na mainistreach a luadh thuas, agus tá macalla iontach ann.
Príóirecht Naomh Eoin	An Baile Nua Troim	
Grúpa Shliabh na Caillí – Cairns F, G, H, I, J, K, Tuama M, Cloch O and Tuaim B.	An Baile Nua	
Bearú	Ninch	
Ráth Mhaedhbh, Cnoc na Teamhrach	Odder	

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Grúpa Shliabh na Caillí – Carn X, Carn Za, Cros Yc, Dúnfort Y, Struchtúr Meisiliteach Yb agus Crefort Dronnuilleogach agus Cuaille Ya.	Baile Phádraig	
Eaglais, Cros & Bonn	Ráth Mór	Is dócha gur thóg Sior Tomás Pluincéad eaglais i lár na 15ú haoise, tiomnaithe do Naomh Lawrence. Bhí sé sin ann go dtí ar a laghad 1678. Cé gur tógadh an mheánlann agus an saingeal ar leithligh óna chéile, tógadh iad timpeall an ama céanna. Ag gach cúinne tá túr, is sacraiste an ceann ar an taobh thuaidh agus áit chónaithe an spás os a chionn, le cloighteach ag an gcúinne theas. Tá sedilia agus piscina breátha ann, agus fuinneog an-mhaith ar an taobh thoir le dealbha de ríthe agus de bhanríonacha ar an taobh amuigh. Tá cuasáin ina bhfuil aingil san altóir agus tá spré luascach ann, Naomh Lawrence le greille, easpaig, ban-ab le bachall, armas na dteaghlach Pluincéad, Mac Liam, Talbóid, Fleming, lustais, Bellew, Bermingham agus Ó Cíosóg. Chom maith leis sin, tá tuama dé-shamhail den bhunaitheoir agus dá bhean chéile a tógadh timpeall na bliana 1471, chomh maith le humar ón 15ú haois. Thóg Criostóir Pluincéad agus a bhean chéile Cairtriona cros atá ar thaobh thuaidh na heaglaise sa bhliain 1519, agus léiríonn sí Naomh Lawrence (arís legreille), Naomh Pádraig nó ardeaspag, ban-ab agus duilleoga finiúna. Tá an eaglais cosúil leis na heaglaisí ag Dún Samhní agus ag an gCill ín.
Lios	Reáltóg	Lios ar thrastomhas 120 troigh clúdaithe le haiteann. Is é atá ann ná limistéar lárnach le bruach, díog agus bruach eile. Sa lár tá iarsmaí de bhunsraith botháin, agus deirtear go bhfuil pasáiste faoi thalamh ann chomh maith.
Athcarne White Cross	Riasc	Cros ar thaobh bealaigh a thóg Dame Jennet Dowdall timpeall na bliana 1600. Ar a aghaidh tá an Céasadh, agus ar an taobh thiar tá íomhá tharraingteach den Mhaighdean agus Íosa, le harmas na dteaghlach Bathe agus Dowdall. Féadfaí gur cuireadh isteach na crosa ar bhonn níos luaithe, agus seans gur breisiúchán níos déanaí a bhí sa bharr barócach a cuireadh ar an gcros. Thóg Dame Jennet Dowdall cúpla cros ar thaobh bealaigh i díl chuimhne a tríú fear céile, William Bathe, a cheap Sior John Perrot ina bhreitheamh ar phléadálacha comónta, An Fear Ionaid, sa bhliain 1581, agus a fuair bás sa bhliain 1599. Bhí sí pósta roimhe sin le hOilibéar Pluincéad, Barún Lú, agus le Nioclás Naomh Lawrence, 21ú hIarla Bhinn Éadair.
Caisleán	Bhaile Roibeárd	Caisleán le trí stór agus dian beannach air a tógadh sa 17ú haois. Issraith de sheomraí le dionta bogtacha atá ar urlár na talún; agus tá an chéad urlár roinnte ina thrí sheomra. Ar na gnéithe is neamhchoitianta tá dhá thúr atá ag gobadh amach ar an gcéad urlár, a bhfuil coirbéil acu cosúil le caisleáin Albanacha.
Lios	Bhaile Roibeárd	
Cros Sarsfieldstown	Sarsfieldstown	

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Eaglais, 2 Chros	An Scrín	Bhí eaglais níos sine ar an suíomh a bhí tiomanta do Naomh Columba agus bhíodh scrín anina onóir (is as sin a tháinig an t-ainm, ón Laidin scrinium - scrín). Timpeall na bliana 1175 tugadh talamh do Adam de Feipochun eaglais eile a thógáil agus thug sé leis deachúna na heaglaise sin nuair a bhog sé chuig Mainistir Chistéirseach Mhuire i mBaile Átha Cliath tuairim na bliana 1185. Bunaíodh an eaglais atá ann faoi láthair sa bhliain 1341. Tá meánlann agus saingeal ann, agus túr ag an taobh thiar den eaglais. Coinníonn an doras thuaidh roinnt dá mhaisiúchán ailtreachta, agus tá íomhá den easpag os cionn an dorais ón 14ú nó 15ú haois. Sa túr, a tógadh sa 15ú haois is dócha, tá iarsmaí d'umar baiste neamh-mhaisitheagus leac uaigne. Soir ó thuaidh ón eaglais tá cros mheánaoiseach le híomhá gharbh den Chéasadh ar a aghaidh thiar. In aice láimhe tá leac uaigne maisithe le haghaidh Walter Marward dar dáta 1611.
Mainistir	Shláine	Tá dlúthghaol idir an suíomh seo agus lasadh an chéad Tine Cásca in Éirinn, rud a rinne Naomh Pádraig sa bhliain 433, mar chomhartha ar an gCríostaíocht ag treascairt na págántachta. Bhunaigh Naomh Erc mainistir anseo i ré na Luath-Chríostaíochta, agus bhí mainistir mheánaoiseach ann chomh maith, agus níl mórán ar eolas faoi stair na háite go dtí gur atógadh í mar atá faoi láthair sa bhliain 1512 nuair a bhunaigh Sior Christopher mainistir bheag Phroinsiasach ann. Géilleadh an mhainistir agus an Coláiste a bhí ag gabháil léi sa bhliain 1540, agus sa bhliain 1543 bronnadh na tailte ar Sior James Flemmyng. Sa bhliain 1631 lonnaigh na Caipisínigh sa mhainistir, áit ar fhan siad go dtí ré Chromail. Tá meálann agus saingeal ag an eaglais, agus tá pasáiste theas beag aige, chomh maith le túr ag an taobh thiar. Is ó dháta níos luaithe an fhuinneog ar an aghaidh thoir den túr, díreach os cionn an dorais, agus is dócha gur tógadh é ó ealgais a bhí ar a suíomh roimhe sin. In aice láimhe bhunaigh Sior Christopher Flemmyng Coláiste dá shagairt, ceithre bhráthair thuata agus ceithre chantaire. Tá sé tógtha mórthimpeall ar cheathairuilleog, le háit chónaithe na sagart ar an taobh thuaidh, agus túr ar an taobh theas. Sa bhalla theas tá roinnt fuinneog álainn, atá ina gcuid den áit ina mbíodh an proinnteach nó seomra léithreoireachta is dócha. Ní fios cad a dhéantaí sna seomraí eile, ach tá tinteáin ina bhformhór. Tá íomha de dhragan i mballa theas an chliatháin theas. Soir ón gcoláiste tá iarsma de gheata, b'fhéidir a tógadh nuair a scoradh an Coláiste nuair a Scoradh na Mainistreacha sa bhliain 1541.

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Cloigtheach agus Ardchrosa Ceanannais	Townparks	<p>I gclós na heaglaise ag barr an chnoic tá Cloigtheach agus cúpla Ardchros. Tá an Cloigtheachtuairim is 100 troigh ar airde, le cúig fhuinneog ag an mbar, ach tá an barr cónúil in easnamh. Tá cloigne greanta ar an doras, ach tá an aimsir tar éis iad seo a chreimeadh nach mór. Caithfidh go dtagann an túr ó roimh 1076, mar sa bhliain sin dúnmharáíodh Murchadh Mac Flainn sa túr, a bhí ag éileamh Ríogacht na Éireann. In aisce leis an gCloigtheach tá Cros Theas a tiomnaíodh do Naomh Pádraig agus Naomh Columba, agus is dócha gur tógadh í sa 9ú haois. Tá dualaíocht ar an mbonn, lena n-áirítear ainmhithe amhail fia agus mórshiúl carbad. Ar an aghaidh theas tá Ádh agus Éabha, Cáin agus Áibil, agus na Triúr Leanaí san Fhoirnéis Thintrí, Dainéil in uaimh na Leon; ar an lámh chlé tá íobairt Íosác, agus ar thaobh na láimhe deise tá Naomh Pól agus Naomh Antóin sa ghaineamhleach agus ar barr tá Daithí lena chruit, Míorúilt na mbulán agus na n-iasc. Ar an taobh thiar tá íomhá den Chéasadh, agus os a chionn tá Críost sa Bhreithiúnas. Ag deireadh na géige ar an taobh theas is féidir Daithí a fheiceáil ag marú leoin agus ag an taobh thuaidh ag marú béair. Tá an chros tiomnaithe chomh maith le roinnt painéal maisithe, go háirithe dualaíocht, agus scrolla finíúna le hainmhithe agus héanlaithe ag léimneach mórthimpeall. Tuairim is 20 slat ón taobh thiar thuaidh tá cearchail storrúil áit a mbíodh cros álainn ard tráth. Ar an mbonn tá inscríbhinn OROIT DO ARTGAL- Paidir do Artgal, ach is mór an trua níl aon eolas againn faoin bhfear i gceist. Ar an taobh thoir tá Baiste Chríost sa lordáin (an dá abhainn ag teacht le chéile), Bainis in Cana (nó Adhlacadh na Saoithe, An Tiomnúag an Teampall, agus tá painéal nach féidir a scéal a aithint os a chionn, Iontráil Chríost in Iarúsailéim (nó b'fhéidir an Teitheadh go hÉigipt). Ar an aghaidh thiar tá Ámh agus Éabha, léiriú suimiúil d'Áirc Noah agus panéil eile neamhaithnide. Tá painéil ag an dá thaobh chunga atá maisithe go géoméadrach. In aisce leis an eaglais nua-aimseartha tá Cros nach bhfuil críochnaithe le híomhá den Chéasadh ar a haghaidh. Tá sí suimiúil sa mhéid go léiríonn sí céimeanna éagsúla a bhaineann leis na tsníodóireacht atá ar na hArdchrosa seo. Ó thuaidh ón eaglais nua-aimseartha tá túr ó eaglais mheánaoiseach, inar cuireadh iarsmaí éagsúla de leaca uaighe. In aice leis an túr tá bonn ciorcalacha d'Ardchros eile. I locht orgáin na heaglaise nua-aimseartha tá grianghraif de mhíreanna a bhaineann leis an mhainistir ársa, amhail pictiúir mhéadaithe den Leabhar Ceanannais srl.</p>
Teach Naomh Columb, Ceanannas	Townparks	<p>Seo airegal ársa le díon cloiche géar. Tá an bealach isteach nua-aimseartha; treoraíonn sé seo isteach i seomra le díon bogtach a bhíodh roinnte in dhá leath, agus urlár na talúnmar atá anois ag feidhmiú mar íoslach, théití isteach san eaglais féin trí dhoras (atá anois dúnta suas) sa bhalla thiar, agus tá an doras sin tuairim is 6 nó 7 dtroigh os cionn leibhéal na talún mar atá anois. Os cionn an bhogtha tá seomra beag (ar féidir teacht air le dréimire) a chosc an díon ar thitim. Meastar go raibh sé seo ar an bhfoirgneamh a tógadh díreach roimh 804 i gcuimhne fhilleadh na Manach ó Oileán Í, ach is dócha i ndáiríre gur tógadh é cúpla céad ina dhiaidh sin.</p>

Ainm an tSéadchomhartha	Baile Fearainn	Nótaí
Spuaic Bhí St. Mary's (Agais)	Baile Átha Troim	Suite in aice le Geata na gCaorach (469) tá an Spuaic Bhuí, túr an-ard ach caite ón 14ú haois a bhí mar cuid den Mhainistir Agaistíneach ar a dtugtar St. Marys, áit ar urramaíodh dealbh den Mhaighean 'Íol Bhaile Átha Troim. 125 troigh ar airde, sheas sé ó thuaidh ón eaglais atá leagtha anois.
Caisleán Rí Eoin	Baile Átha Troim	
Caisleán Nangle (Ball Thoir)	Baile Átha Troim	Tá seid caorach suite in aice leis an Spuaic Bhuí (186) le díon d'iarann rocach áit a mbíodh Caisleán Nangle tráth
Cuid de Bhalla an Bhaile, Geata na gCaorach, Porphfield	Baile Átha Troim	Tá Geata na gCaorach ar an aon chuid de bhalla an bhaile a thóg Roger Mortimer, Iarla Uladh, sa bhliain 1359, agus tá tú dhá stór ann.
Tlachta - Créfort, Tlachta	Wardstown	Is é atá sa chréfort ná clós ardaithe lárnach timpeallaithe ag ceithre bhruach agus dhíog, ar cuireadh isteach go mór orthu sa bhliain 1641. Seo Tlachta, suíomh ársa a ndeirtear a chuir an dia Ceilteach Lug ar bun agus áit tiomnaithe don chultas sac red fire. Seo an áit ina raibh Oenach tábhachtach nó bailiúchán i ré na págántachta a tharla ag Samhain, tús an gheimhridh, agus ghlac gach fear in Éirinn páirt ann. Deirtear gurb í Tlachta iníon le draoi cáiliúil Mug Roith, agus de réir an traidisiúin is eisean a thaosc lámh Naomh Eoin Baiste.